2024/1488

27.5.2024

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/1488 ÓN gCOMHAIRLE

an 27 Bealtaine 2024

lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 2024/1485 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Rúis

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/1485 ón gComhairle an 27 Bealtaine 2024 maidir le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Rúis ([1]), agus go háirithe Airteagal 17(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 27 Bealtaine 2024, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) 2024/1485.

(2) Tá an tAontas diongbháilte i gcónaí agus sáruithe ar chearta an duine agus cos ar bolg inmhéanach sa Rúis á gcáineadh aige.

(3) I bhfianaise a thromchúisí atá an staid, measann an Chomhairle gur cheart 19 nduine nádúrtha agus duine dlítheanach amháin a chur le liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí a leagtar amach in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/1485.

(4) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) 2024/1485 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/… i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 27 Bealtaine 2024.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

J. BORRELL FONTELLES

([1]) IO L, 2024/1485, 27.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1485/oj.

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/1485 mar a leanas:

(1) cuirtear na hiontrálacha seo a leanas isteach faoin gceannteideal ‘A. Daoine nádúrtha’:

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar chúiseanna	Dáta an liostaithe
‘1.	Nikolai Pavlovich DUBOVIK (Николай Павлович ДУБОВИК)	Post: Breitheamh de Chúirt Uachtarach Chónaidhm na Rúise Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is breitheamh de Chúirt Uachtarach Chónaidhm na Rúise é Nikolai Pavlovich Dubovik. Agus a ról á fheidhmiú aige, dhiúltaigh sé breithniú a dhéanamh ar achomharc Alexei Navalny i gcoinne an fhíoraisc sa triail maidir le “béadchaint ar iarshaighdiúir”. Mar thoradh air sin, tharraing sé míchlú polaitiúil ar Alexei Navalny roimh reifreann bunreachtúil 2020 sa Rúis. Dá bhrí sin, tá Nikolai Pavlovich Dubovik freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine sa Rúis, tríd an tsaoirse tuairimíochta agus an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh a shárú.	27.5.2024
2.	Eduard Borisovich ERDYNIEV (Эдуард Борисович ЭРДЫНИЕВ)	Post: Breitheamh de Chúirt Uachtarach Chónaidhm na Rúise Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is breitheamh de Chúirt Uachtarach Chónaidhm na Rúise é Eduard Borisovich Erdyniev. Agus a ról á fheidhmiú aige, dhiúltaigh sé breithniú a dhéanamh ar achomharc Alexei Navalny i gcoinne an chinnidh pianbhreith iomlán a chur in ionad na pianbhreithe promhaidh. Dá bhrí sin, fógraíodh go raibh Alexei Navalny ciontach, agus blianta ina dhiaidh sin, cuireadh i bpríosún i gcoilíneacht phionósach ardslándála é chun nach mbeadh sé in ann a bheith gníomhaíoch i ngníomhaíochtaí polaitiúla. Dá bhrí sin, tá Eduard Borisovich Erdyniev freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine sa Rúis, tríd an tsaoirse tuairimíochta agus an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh a shárú.	27.5.2024
3.	Andrey Vladimirovich FEDOROV (Андрей Владимирович ФЕДОРОВ / ФЁДОРОВ)	Post: Breitheamh i gCúirt Dúiche Kirovsky, cathair Tomsk Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is breitheamh Rúiseach é Andrey Vladimirovich Fedorov atá ag obair i gCúirt Dúiche Kirovsky, cathair Tomsk. Agus a ról á fheidhmiú aige, dhiúltaigh sé an gearán maidir le neamhghníomhaíocht oifigigh Choiste Fiosrúcháin Chónaidhm na Rúise i Réigiún Tomsk i ndáil le hiarratas ar nimhiú Alexei Navalny a aithint mar rud neamhdhleathach. Cuireadh Alexei Navalny i bpríosún mar thoradh ar a chinneadh. Dá bhrí sin, tá Andrey Vladimirovich Fedorov freagrach as gníomhaíochtaí a bhaineann an bonn go mór ón smacht reachta sa Rúis.	27.5.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar chúiseanna	Dáta an liostaithe
4.	Ekaterina Vasilevna FEDOTOVA (NAUMOVA) (Екатерина Васильевна ФЕДОТОВА (НАУМОВА))	Post: Ionadaí Aireacht Gnóthaí Inmheánacha na Rúise do chathair Khimki, Réigiún Mhoscó Dáta breithe: 6.11.1995 Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: baineann	Oibríonn Ekaterina Vasilevna Fedotova (Naumova) in Ionadaíocht Aireacht Gnóthaí Inmheánacha na Rúise do chathair Khimki, réigiún Mhoscó. Agus a post á fheidhmiú aici, ghlac sí páirt i gcruinniú cúirte an 18 Eanáir 2021, a eagraíodh i stáisiún póilíní, agus d'éiligh sí go gcuirfí síneadh 30 lá le coinneáil neamhdhleathach Alexei Navalny. Dá bhrí sin, tá Ekaterina Vasilevna Fedotova (Naumova) freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine sa Rúis tríd an tsaoirse tuairimíochta agus an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh a shárú.	27.5.2024
5.	Inna Alexandrovna FESENKO (Инна Александровна ФЕСЕНКО)	Post: Breitheamh i gCúirt Dúiche Kirovsky, cathair Tomsk Dáta breithe: 22.12.1968 Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: baineann	Is breitheamh Rúiseach í Inna Alexandrovna Fesenko a oibríonn i gCúirt Dúiche Kirovsky, cathair Tomsk. Agus a ról á fheidhmiú aici, dhiúltaigh sí faoi dhó do ghearáin faoi neamhghníomhaíocht phóilíní iompair Tomsk maidir le nimhiú Alexei Navalny. Roimhe sin, chuir sí cosc ar ghníomhaíochtaí áirithe ar Ksenia Fadeeva, iarcheann cheanncheathrú eagraíocht Navalny in Tomsk. Dá bhrí sin, tá Inna Alexandrovna Fesenko freagrach as gníomhaíochtaí a bhaineann an bonn go mór ón smacht reachta sa Rúis.	27.5.2024
6.	Ekaterina Viktorovna GALYAUTDINOVA (Екатерина Викторовна ГАЛЯУТДИНОВА)	Post: Breitheamh i gCúirt Dúiche Kirovsky, cathair Tomsk Dáta breithe: 1969 Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: baineann	Is breitheamh Rúiseach í Ekaterina Viktorovna Galyautdinova atá ag obair i gCúirt Dúiche Kirovsky, cathair Tomsk. Agus a ról á fheidhmiú aici, dhiúltaigh sí faoi dhó an gearán faoi neamhghníomhaíocht phóilíní iompair Tomsk maidir leis an imscrúdú ar nimhiú Alexei Navalny. Dá bhrí sin, tá Ekaterina Viktorovna Galyautdinova freagrach as gníomhaíochtaí a bhaineann an bonn go mór ón smacht reachta sa Rúis.	27.5.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar chúiseanna	Dáta an liostaithe
7.	Dmitry Evgenevich PANKRATOV (Дмитрий Евгеньевич ПАНКРАТОВ)	Post: Imscrúdaitheoir Sinsearach i bPríomh-Roinn Imscrúdaitheach Mhíleata de Choiste Fiosrúcháin Chónaidhm na Rúise, Coirnéal Dlí agus Cirt Dáta breithe: 29.12.1967 Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is imscrúdaitheoir sinsearach i bPríomh-Roinn Imscrúdaitheach Mhíleata de Choiste Fiosrúcháin Chónaidhm na Rúise é Dmitry Evgenievich Pankratov. Agus a ról á fheidhmiú aige, dhiúltaigh sé imscrúdú a thionscnamh ar iarracht ar dhúnmharú Alexei Navalny, tar éis do Navalny a bheith nimhithe leis an néar-oibreán Novichok. Dá bhrí sin, tá Dmitry Evgenevich Pankratov freagrach as gníomhaíochtaí a bhaineann an bonn go mór ón smacht reachta sa Rúis.	27.5.2024
8.	Evgeniy Borisovich RASTORGUEV (Евгений Борисович РАСТОРГУЕВ)	Post: Breitheamh den 9ú Cúirt Achomhairc Eadrána, an Rúis Dáta breithe: 20.8.1970 Áit bhreithe: Réigiún Vladimir, iarAPSS (Cónaidhm na Rúise anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is breitheamh é Evgeniy Borisovich Rastorguev de 9ú Cúirt Achomhairc Eadrána na Rúise. Agus a ról á fheidhmiú aige, cheadaigh sé maíomh chuideachta “Druzhba Narodov” i gcoinne Alexei Navalny. Mhaígh Alexei Navalny san imscrúdú a rinne sé go bhfuil an chuideachta rannpháirteach i scéim éillithe le Garda Náisiúnta na Rúise (Rosgvardia). Dá bhrí sin, tá Evgeniy Borisovich Rastorguev freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine sa Rúis, tríd an tsaoirse tuairimíochta agus an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh a shárú, agus as gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn go tromchúiseach ón smacht reachta sa Rúis.	27.5.2024
9.	Alexander Sergeevich ERMOLENKO (Александр Сергеевич ЕРМОЛЕНКО)	Post: Ceann bhrainse Uimh. 15 den institiúid rialtais fheidearálach “Cigireacht Feidhmiúcháin Choiriúil Stiúrthóireacht Sheirbhís Pheannaideach na Cónaidhme i gCathair Mhoscó” Dáta breithe: 11.11.1993 Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is é Alexander Sergeevich Ermolenko Ceann bhrainse Uimh. 15 den institiúid rialtais fheidearálach “Cigireacht Fheidhmeannach Choiriúil den Roinn Feidhmiúcháin de Federal Penitentiary Service (an tSeirbhís Pheannaideach Chónaidhme) i gCathair Mhoscó”. Agus a ról á fheidhmiú aige, thacaigh sé le haistriú pianbhreithe Alexei Navalny ar fionraí go pianbhreith choimeádta le linn na héisteachta cúirte i gcás Yves Rocher. Dá bhrí sin, tá Alexander Sergeevich Ermolenko freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine sa Rúis, tríd an tsaoirse tuairimíochta agus an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh a shárú.	27.5.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar chúiseanna	Dáta an liostaithe
10.	Irina Geroldovna KIM (Ирина Герольдовна КИМ)	Post: Breitheamh de Chúirt Chathair Kovrov de Réigiún Vladimir Dáta breithe: 14.8.1978 Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: baineann	Is breitheamh í Irina Geroldovna Kim de Chúirt Chathair Kovrov de Réigiún Vladimir. Ó 2022 i leith bhí sí rannpháirteach go díreach i ndálaí toirtiúla a chruthú agus a choinneáil do Alexei Navalny trí dhiúltú arís is arís eile do mhaímh Alexei Navalny i gcoinne choilíneacht phionósach IK-6 i ndáil leis an mbealach ar caitheadh leis, áit ina raibh sé le linn pianbhreith mar thoradh ar ionchúiseamh ar chúiseanna polaitiúla. Dá bhrí sin, tá Irina Geroldovna Kim freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine sa Rúis, lena n-áirítear céastóireacht, agus íde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach, gabhálacha gan chúis, agus sáruithe ar an tsaoirse tuairimíochta agus ar an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh.	27.5.2024
11.	Kirill Sergeevich NIKIFOROV (Кирилл Сергеевич НИКИФОРОВ)	Post: Breitheamh de Chúirt Chathair Kovrov de Réigiún Vladimir Dáta breithe: 14.3.1992 Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is breitheamh é Kirill Sergeevich Nikiforov de Chúirt Chathair Kovrov de Réigiún Vladimir. Ó 2022 i leith, bhí sé rannpháirteach go díreach i ndálaí toirtiúla a chruthú agus a choinneáil do Alexei Navalny trí dhiúltú arís is arís eile do mhaímh Alexei Navalny i gcoinne choilíneacht phionósach IK-6 i ndáil leis an mbealach ar caitheadh leis, áit ina raibh sé le linn pianbhreith mar thoradh ar ionchúiseamh ar chúiseanna polaitiúla. Dá bhrí sin, tá Kirill Sergeevich Nikiforov freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine sa Rúis, lena n-áirítear céastóireacht, agus íde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach, gabhálacha gan chúis, agus sáruithe ar an tsaoirse tuairimíochta, agus ar an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh.	27.5.2024
12.	Sergey Vladimirovich BLINOV (Сергей Владимирович БЛИНОВ)	Post: Breitheamh i gCúirt Dúiche Leninsky, Kirov Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is breitheamh é Sergey Vladimirovich Blinov de Chúirt Dúiche Leninsky, Kirov. In 2013, ghearr sé 5 bliana príosúnachta ar Alexei Navalny agus 4 bliana príosúnachta ar an bhfear gnó Pyotr Ofitserov mar gheall ar chlaonchasadh sa triail “cás Kirovles” a raibh cúis pholaitiúil léi. Ina theannta sin, gearradh fíneáil 500 000 rúbal an duine orthu. Dá bhrí sin, tá Sergey Vladimirovich Blinov freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine sa Rúis, tríd an tsaoirse tuairimíochta agus an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh a shárú.	27.5.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar chúiseanna	Dáta an liostaithe
13.	Evgeny Vladimirovich BORISOV (Евгений Владимирович БОРИСОВ)	Post: breitheamh i gCúirt Dúiche Nikulinsky, i Moscó Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is breitheamh é Evgeny Vladimirovich de Chúirt Dúiche Nikulinsky, i Moscó. In 2015, ghlac sé éileamh chuideachta Kirovles 16 mhilliún rúbal a aisghabháil ó Alexei Navalny agus beirt chosantóirí eile i "cás Kirovles" a raibh cúis pholaitiúil leis. Dá bhrí sin, tá Evgeny Vladimirovich Borisov freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine sa Rúis, tríd an tsaoirse tuairimíochta agus an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh a shárú.	27.5.2024
14.	Tatyana Stanislavovna DODONOVA (Татьяна Станиславовна ДОДОНОВА)	Post: Breitheamh de Chúirt Chathair Mhoscó Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: baineann	Is breitheamh de Chúirt Chathair Mhoscó í Tatyana Stanislavovna Dodonova. In 2014 d'aithin sí mar chinneadh dlíthiúil an cinneadh Alexei Navalny a chur faoi bhraighdeanas baile sa chás "Yves Rocher". Bhí sí rannpháirteach go córasach i gcásanna i gcoinne shaoránaigh Chónaidhm na Rúise a chuir i gcoinne an réimis pholaitiúil sa Rúis trí phianbhreith a ghearradh ar dhaoine gafa i ndáil le hAgóidí 2019 i Moscó. Dá bhrí sin, tá Tatyana Stanislavovna Dodonova freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine sa Rúis, tríd an tsaoirse tuairimíochta agus an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh a shárú.	27.5.2024

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/1488/oj

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar chúiseanna	Dáta an liostaithe
15.	Elena Sergeevna ASTAKHOVA (Елена Сергеевна АСТАХОВА)	Post: Breitheamh i gCúirt Dúiche Golovinsky i Moscó Dáta breithe: 30.3.1978 Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: baineann Uimhir aitheantais: 45 01 525454 Uimhir Aitheantais Cáiníocóra (ИНН): 7703204586	Mar bhreitheamh i gCúirt Dúiche Golovinsky i Moscó, ghearr Elena Sergeevna Astakhova pianbhreith ar Oleg Orlov, cosantóir chearta an duine mór le rá agus comhchathaoirleach ar “Memorial” – pianbhreith 2 bhliain agus 6 mhí i gcoilíneacht réimis ghinearálta ar chúiseanna a bhfuil údar polaitiúil leo, as labhairt amach i gcoinne chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin. Tá Oleg Orlov, atá 70 bliain d’aois, ar dhuine de chosantóirí chearta an duine is mó a bhfuil meas air agus is faide ag obair sa Rúis, agus is duine de cheannairí na heagraíochta a bhuaigh Duais Síochána Nobel in 2022, *Memorial Human Rights Defence Center* (HRDC “Memorial”), eagraíocht a leachtaíodh mar chuid den chniogbheartaíocht shistéamach leathan ar an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh, saoirse comhthionóil shíochánta, agus saoirse comhlachais sa Rúis. Cúisíodh Oleg Orlov as “míchlú a tharraingt” ar arm na Rúise, más fíor, tar éis alt tuairimíochta i gcoinne chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine a fhoilsiú i meáin na Fraince, agus gearradh pianbhreith air ina leith. Dá bhrí sin, tá an breitheamh Elena Sergeevna Astakhova freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine sa Rúis, tríd an tsaoirse tuairimíochta agus an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh a shárú.	27.5.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar chúiseanna	Dáta an liostaithe
16.	Sergey VOROBYOV (Сергей ВОРОБЬЕВ)	Post: Ionchúisitheoir Stáit	Mar ionchúisitheoir sa chás chúiseanna polaitiúla i gcoinne an chosantóra chearta an duine mór le rá Oleg Orlev, d'iarr Sergey Vorobyov go ngearrfaí pianbhreith 2 bhliain agus 11 mhí ar Oleg Orlov, ag áitiú gurb iad "an fuath agus an naimhdeas idé-eolaíoch" a spreag alt Orlov i gcoinne chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Tá Oleg Orlov, atá 70 bliain d'aois, ar dhuine de chosantóirí chearta an duine is mó a bhfuil meas air agus is faide ag obair sa Rúis, agus is duine de cheannairí na heagraíochta a bhuaigh Duais Síochána Nobel in 2022, *Memorial Human Rights Defence Center* (HRDC "Memorial"), eagraíocht a leachtaíodh mar chuid den chniogbheartaíocht shistéamach leathan ar an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh, saoirse comhthionóil shíochánta, agus saoirse comhlachais sa Rúis. Cúisíodh Oleg Orlov as "míchlú a tharraingt" ar arm na Rúise, más fíor, tar éis alt tuairimíochta i gcoinne chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine a fhoilsiú i meáin na Fraince, agus gearradh pianbhreith air ina leith. Dá bhrí sin, tá an t-ionchúisitheoir Sergey Vorobyov freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine sa Rúis, tríd an tsaoirse tuairimíochta agus an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh a shárú.	27.5.2024
17.	Ilya Andreevich SAVCHENKO (Илья Андреевич САВЧЕНКО)	Post: Imscrúdaitheoir i Mór-Aonad Imscrúdaitheach Tver (Coiste Fiosrúcháin Chónaidhm na Rúise) Dáta breithe: 18.06.1997 Áit bhreithe: Rtishchevo– Réigiún Saratov, Cónaidhm na Rúise Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Ina cáil mar imscrúdaitheoir de chuid Choiste Fiosrúcháin Chónaidhm na Rúise, sannadh cás Oleg Orlov d'Ilya Andreevich Savchenko, agus bhí sí rannpháirteach sa díotáil a scríobhadh i gcoinne Orlov as ucht alt tuairimíochta i gcoinne chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine a fhoilsiú. Dheimhnigh Ilya Andreevich Savchenko gur fhoilsigh Orlov an t-alt faoi threoir "naimhdeas idé-eolaíoch i gcoinne luachanna traidisiúnta spioradálta, morálta agus tírghrá na Rúise" agus faoi threoir fhuath i dtreo an ghrúpa shóisialta "fórsaí míleata na Rúise." Dá bhrí sin, tá an t-imscrúdaitheoir Ilya Andreevich Savchenko freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine, sa Rúis tríd an tsaoirse tuairimíochta agus an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh a shárú.	27.5.2024

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/1488/oj

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar chúiseanna	Dáta an liostaithe
18.	Oksana Vasilyevna DEMYASHEVA (Оксана Васильевна ДЕМЯШЕВА)	Post: Breitheamh i gCúirt Dúiche Vasileostrovsky i gCathair Pheadair Dáta breithe: 10.3.1980 Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: baineann	Ina cáil mar bhreitheamh i gCúirt Dúiche Vasileostrovsky i gCathair Pheadair, ghearr Oksana Vasilyevna Demyasheva pianbhreith 7 mbliana ar Alexandra Skochilenko, ealaíontóir, ar chúiseanna a bhfuil údar polaitiúil leo as ucht “bréagnuacht”, mar a thugtar uirthi, faoi arm na Rúise a scaipeadh. Gabhadh Skochilenko as clibeanna praghais in ollmhargadh a mhalartú le greamáin frithchogaidh. Bhí sí ar cheann de na chéad daoine ar gearradh pianbhreith orthu faoin ndlí nua coiriúil lena n-eisreachtaítear an “bréagnuacht”, mar a thugtar uirthi, faoi arm na Rúise, agus tharraing a triail aird leathan an phobail ar an mbrú gan fasach a bhí uirthi ó riarachán an phríosúin, ón mbreitheamh agus ón ionchúiseamh. Dá bhrí sin, tá an breitheamh Oksana Vasilyevna Demyasheva freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine sa Rúis, tríd an tsaoirse tuairimíochta agus an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh a shárú.	27.5.2024
19.	Alexander Yurievich GLADYSHEV (Александр Юрьевич ГЛАДЫШЕВ)	Post: Ionchúisitheoir i Roinn na n-Ionchúisitheoirí Stáit/ Oifig an Ionchúisitheora, Cathair Pheadair Dáta breithe: 28.10.1994 Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Mar ionchúisitheoir in Oifig an Ionchúisitheora i gCathair Pheadair, d’iarr Alexander Yurievich Gladyshev go ngearrfaí 8 mbliana sa phríosún ar Alexandra Skochilenko, ealaíontóir as coireanna “bréagnuacht” a scaipeadh faoin arm, tar éis í a ghabháil as greamáin fhrithchogaidh a chur in áit clibeanna praghais in ollmhargadh. Bhí Skochilenko ar cheann de na chéad daoine ar gearradh pianbhreith orthu faoin ndlí nua coiriúil lena n-eisreachtaítear an “bréagnuacht”, mar a thugtar uirthi, faoi arm na Rúise, agus tharraing a triail aird leathan an phobail ar an mbrú gan fasach a bhí uirthi ó riarachán an phríosúin, ón mbreitheamh agus ón ionchúiseamh. Dá bhrí sin, tá an t-ionchúisitheoir Alexander Yurievich Gladyshev freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine sa Rúis, tríd an tsaoirse tuairimíochta agus an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh a shárú.	27.5.2024’.

(2) cuirtear isteach an iontráil seo a leanas faoin gceannteideal ‘B. Daoine dlítheanacha, eintitis agus comhlachtaí’:

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar chúiseanna	Dáta an liostaithe
‘1.	FEDERAL PENITENTIARY SERVICE OF THE RUSSIAN FEDERATION (FSIN) ФЕДЕРАЛЬНАЯ СЛУЖБА ИСПОЛНЕНИЯ НАКАЗАНИЙ (ФСИН) (RU)	Seoladh: Sráid Zhitnaya 14, Yakimanka District, Central Administrative Okrug, Moscó. Suíomh gréasáin: http://www.fsin.su/eng	Is gníomhaireacht chónaidhme é an Federal Penitentiary Service of the Russian Federation (FSIN) faoi mhaoirseacht Aireacht Dlí agus Cirt na Rúise. Is é FSIN an t-údarás cónaidhme a bhíonn ag déileáil le daoine amhrasta agus ciontaithe a choinneáil, slándáil agus cothabháil na bpríosún sa Rúis, iompar príosúnach agus cláir athshlánaithe. Dá réir sin, is é FSIN an t-údarás lárnach a bhainistíonn córas príosúin na Rúise, a bhfuil cáil air mar gheall ar a mhí-úsáid fhorleathan chórasach agus a dhrochíde i gcoinne príosúnaigh pholaitiúla sa Rúis. Mar ghníomhaireacht chónaidhme, tá FSIN freagrach as na coilíneachtaí pionósacha inar coinníodh an polaiteoir freasúra Rúiseach Alexei Navalny ar chúiseanna a bhfuil údar polaitiúil leo agus a fuair bás ar deireadh an 16 Feabhra 2024. Le linn a phríosúnachta, tugadh drochíde d’Alexei Navalny, lena n-áirítear trína choinneáil faoi ghaibhniú aonair arís agus arís eile i gcill phionóis agus íde chruálach mhídhaonna tháireach a thabhairt dó, rud a d’fhág go ndeachaigh a shláinte in olcas go mór. Caitheadh go dona le príosúnaigh pholaitiúla eile i gcóras príosúin na Rúise, faoi dhálaí diana comhchosúla agus tugadh drochíde dóibh, drochíde arbh é is aidhm di iad a bhriseadh — go fisiceach agus go síceolaíoch. Tá FSIN freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine sa Rúis, lena n-áirítear céasadh agus íde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach.	27.5.2024’.

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/1488/oj